Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Comhairliúchán a bhaineann le Tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán Moladh 6-9 maidir leis an Treoir Cóipchirt (AE) 2019/790 agus tagairt ar leith d'Airteagal 15 - *Cosaint ar fhoilseacháin preasa maidir le húsáid ar líne*

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Nollaig 2023

# Cuid A - Achoimre

## 1. Cúlra

Bhunaigh an Rialtas Coimisiún um Thodhchaí na Meán i Meán Fómhair 2020, agus é de chúram air moltaí a fhorbairt maidir le maoiniú poiblí inbhuanaithe agus tacaíochtaí eile chun a chinntiú go bhfanann na meáin in Éirinn inmharthana, neamhspleách agus in ann aidhmeanna seirbhíse poiblí a chur ar fáil. Tá 50 moladh san iomlán i dtuarascáil an Choimisiúin[1], a foilsíodh an 12 Iúil 2022, arb ionann iad i ndáiríre agus clár oibre straitéiseach chun earnáil meán cumarsáide na hÉireann a athrú. Tagraíonn Moladh 6-9 do Threoir (AE) 2019/790 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach[2] (dá ngairtear an "Treoir Chóipchirt DSM" anseo feasta). Tugadh Treoir Chóipchirt DSM chun críche an 17 Aibreán 2019 agus foilsíodh í in Iris Oifigiúil an AE an 17 Bealtaine 2019.

Rinne an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an Treoir Chóipchirt DSM a aistriú sa dlí náisiúnta trí Rialacháin an AE (Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach) 2021, Ionstraim Reachtúil Uimh. 567 de 2021[3], a shíniú an 12 Samhain 2021. Tá na Rialacháin infheidhme, mar sin, ón dáta sin.

Míníodh i Moladh 6-9 gur cheart don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta measúnú a dhéanamh ar thionchar na Treorach Cóipchirt DSM. Baineann sé

[1] Tuarascáil FOMC foilsithe Iúil 2022

[2] Treoir Chóipchirt DSM

[3] S.I. Uimh. 567/2021 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach) 2021 (irishstatutebook.ie)

seo, go háirithe, le hAirteagal 15 den Treoir Chóipchirt DSM arna trasuí trí Rialachán 13 de S.I. Uimh. 567 de 2021, i.e., *Cosaint ar fhoilseacháin preasa maidir le húsáid ar líne*.

## 2. An Fáth leis an gComhairliúchán Poiblí

Is é príomhaidhm an chomhairliúcháin tuairimí a lorg ar an gcaoi a bhfuil Airteagal 15 den Treoir Cóipchirt DSM (arna aistriú le Rialachán 13 den Ionstraim Reachtúil) ag feidhmiú go praiticiúil. Cabhróidh na freagraí ó pháirtithe leasmhara leis an Roinn a chur ar an eolas faoi conas a fheidhmíonn an reachtaíocht go praiticiúil. Foilseofar tuarascáil ar thoradh an chomhairliúcháin ar shuíomh Gréasáin na Roinne in am trátha.

Cuireann an Roinn fáilte roimh na haighneachtaí go léir don chomhairliúchán poiblí seo agus tá sí ag tnúth le leanúint leis an idirphlé cuiditheach agus faisnéiseach atá ar bun cheana féin le páirtithe leasmhara, ar Threoir Chóipchirt DSM, mar a rinneadh sular aistríodh í dhá bhliain ó shin.

## 3. Moladh 6-9 maidir le Tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán

Tá téacs ábhartha Mholadh 6-9 mar seo a leanas:

*"Ba cheart go n-áireodh an t-athbhreithniú measúnú ar na tairbhí eacnamaíocha iarbhír agus tuartha atá ag sreabhadh d'fhoilsitheoirí Éireannacha mar thoradh ar chomhaontuithe idirbheartaithe; tuairimí na bhfoilsitheoirí agus na n-ardán maidir le seoladh na n-idirbheartaíochtaí; taithí na bhfoilsitheoirí aonair agus na ngrúpaí comhchoiteanna maidir le hidirbheartaíochtaí; taithí na bhfoilsitheoirí áitiúla agus*

*náisiúnta; agus an méid trédhearcachta agus comhsheasmhachta i gcomhaontuithe trasna na heagraíochtaí meán cáilitheacha."*

Tá príomhcheisteanna leagtha amach faoi Chuid C thíos. Freagair gach ceist ábhartha, le do thoil, ag cuimhneamh go ndéileálfar le gach aighneacht mar aighneacht atá sa réimse poiblí mura n-iarrtar rúndacht go sonrach (mar atá leagtha amach i gCuid B – Faisnéis faoin bPróiseas Comhairliúcháin) thíos.

# Cuid B - Eolas faoin bPróiseas Comhairliúcháin

## 1. Aighneachtaí

Tá aighneachtaí á lorg ag an Roinn maidir leis na saincheisteanna a ardaíodh i gceisteanna 1-9 atá leagtha amach thíos.

Iarrtar ar fhreagróirí a n-aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn agus trí ríomhphost chuig **copyright@enterprise.gov.ie**

Is é an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí ná **5pm Déardaoin an 29ú Feabhra 2024.**

Ba cheart aon cheisteanna maidir leis an gcomhairliúchán a chur trí ríomhphost chuig

**copyright@enterprise.gov.ie**

## 2. Rúndacht na n-Aighneachtaí

Iarrtar ar rannpháirtithe a thabhairt dá n-aire gurb é polasaí na Roinne caitheamh le gach aighneacht a fhaightear mar aighneachtaí poiblí mura n-iarrtar rúndacht go sonrach. Iarrtar ar fhreagróirí, mar sin, ábhar a mheasann siad a bheith faoi rún a shainaithint go soiléir agus é sin a chur in iarscríbhinn ar leith dá bhfreagra, lipéadaithe “rúnda”. I gcás ina gcuimsítear fógraí arna nginiúint go huathoibríoch sna ríomhphoist ina sonraítear gur cheart go ndéileálfaí lena n-ábhar mar ábhar rúnda, ba cheart do rannpháirtithe a shoiléiriú i gcorp a ríomhphoist cibé an gcaithfear lena dtuairimí mar rún.

## 3. Forálacha ábhartha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014

Dírítear aird na bhfreagróirí ar an bhfíric gur féidir faisnéis a chuirtear ar fáil don Roinn a nochtadh mar fhreagra ar iarratas faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Dá bhrí sin, ba cheart duit aon fhaisnéis a mheasann tú a bheith íogair ó thaobh tráchtála de a shainaithint, agus sonraigh an chúis lena híogaireacht. Rachaidh an Roinn i gcomhairle le haon fhreagróir a d'fhéadfadh difear a dhéanamh maidir le faisnéis a shainaithnítear mar fhaisnéis íogair sula ndéanfar cinneadh ar aon iarratas um Shaoráil Faisnéise.

## 4. Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)

Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi réir fhorálacha an RGCS maidir le sonraí pearsanta a bhailíonn sí ón 25 Bealtaine 2018. Caithfear le haon fhaisnéis phearsanta a thugann tú don Roinn seo leis na caighdeáin um shlándáil agus rúndachta is airde agus ar bhealach atá i gcomhréir dhlúth leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018.

# Cuid C - Ceisteanna

## Ginearálta

1. Ainm (agus sonraí teagmhála más mian leat)

2. An:

- foilsitheoir preasa thú;
- foilsitheoir preasa áitiúil nó beag thú;
- “soláthraí seirbhíse sochaí faisnéise” thú, mar a shainítear in Airteagal 2(5) & (6) den Treoir Chóipchirt DSM (AE 2019/790);
- eagraíocht thú a dhéanann ionadaíocht ar fhoilsitheoirí preasa;
- comhlacht/eintiteas thú a oibríonn faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bainistíocht Cearta Comhchoiteanna) (Treoir 2014/26/AE) 2016; nó
- eile – déan cur síos air, le do thoil?

3. Má tá aighneacht á cur ar fáil agat thar ceann eagraíochta, cé a dhéanann ionadaíocht ar d’eagraíocht?

**Rialachán 13 - *Cosaint ar fhoilseacháin preasa maidir le húsáid ar líne***

4. An bhfuil tionchar ag Rialachán 13 den Aontas Eorpach (Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach) nó an gcuireann sé oibleagáidí ort/ar d’eagraíocht go díreach? Cad iad na hoibleagáidí seo?

5. An raibh tú i mbun idirbheartaíochta maidir le cearta foilsitheoirí foilseachán preasa mar atá leagtha amach i Rialachán 13? Más amhlaidh, i do thuairim, an ndearnadh na hidirbheartaíochtaí seo ar bhealach cothrom cuiditheach?

6. Más rud é go bhfuil comhaontú ann mar thoradh ar an idirbheeartaíocht maidir leis an luach saothair atá dlite don fhoilsitheoir preasa as úsáid a bhaint as, ag soláthraí seirbhíse na sochaí faisnéise, as na foilseacháin ábhartha preasa; an bhfuil an luach saothair comhaontaithe cothrom agus leordhóthanach i do thuairim?

7. Más rud é go raibh comhaontú mar thoradh ar idirbheartaíocht, an bhfuil dóthain trédhearcachta ann, ó sholáthraí seirbhíse na sochaí faisnéise, maidir le faisnéis shonrach faoi úsáid na bhfoilseachán ábhartha preasa (má chuirtear san áireamh sa chomhaontú é) i do thuairim?

8. Más rud é gur theip ar pháirtithe na hidirbheartaíochta teacht ar chomhaontú maidir leis an méid luach saothair iomchuí atá dlite d'fhoilsitheoirí preasa as úsáid a bhaint as a gcuid foilseachán preasa ag soláthraithe seirbhísí na sochaí faisnéise, cad iad na bacainní ar theacht ar chomhaontú, i do thuairim?

9. An bhfuil aon fhaisnéis eile maidir leis an idirbheartaíocht nó aon chomhaontú eile ar mian leat a chur leis?